Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**6196/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0014(NLE)**

**SCH-EVAL 31**
**SIRIS 23**
**COMIX 65**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Feabhra 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5843/20 R-UE |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar **Phoblacht na Seice** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2019 ar Phoblacht na Seice maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 20 Feabhra 2020.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh sa mheastóireacht a rinneadh ar Phoblacht na Seice sa bhliain 2019 maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i ndáil le Córas Faisnéise Schengen**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir an Chinnidh seo a mholadh do Phoblacht na Seice gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen (CFS) sa bhliain 2019. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 41 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Mheas an fhoireann ar an láthair na nithe seo a leanas a bheith mar dhea-chleachtais: sreabhadh oibre SIRENE lena gcumasaítear uathoibriú i ndáileadh cásanna, sna seiceálacha i gcoinne bunachair sonraí iomadúla, i mbainistiú foirmeacha agus in aistriú foirmeacha; an nós imeachta iar-amais, lena n-áirítear foirmeacha lena bhfógraítear amais go huathoibríoch a chruthú ón bhfeidhmchlár cuardaigh IS DOTAZY; comhtháthú CFS i nósanna imeachta oibre Custaim; leathadh amach 6 000 gléas móibíleach; an t-eolas maith faoi CFS agus feasacht ar a bhreisluach i measc úsáideoirí deiridh; an méarchlár fíorúil traslitrithe ar taispeáint agus na híocóin lena léirítear na barúlacha a bhaineann le daoine san fheidhmchlár cuardaigh IS DOTAZY.

(3) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe an oibleagáid na sonraí go léir is gá chun foláireamh a chruthú a áireamh agus an fhaisnéis go léir atá sna foláirimh sin a thaispeáint, ba cheart tús áite a thabhairt do mholtaí cur chun feidhme 1 go 3.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí na mBallstát. Laistigh de thrí mhí ó dháta a ghlactha, ba cheart do Phoblacht na Seice, de bhun Airteagal 16 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú lena liostaítear na moltaí go léir chun aon easnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas agus an plean gníomhaíochta sin a chur ar fáil don Choimisiún agus don Chomhairle.

MOLANN SÍ:

go mba cheart do Phoblacht na Seice na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. an fhéidearthacht a bheith ann an cineál ciona, na barúlacha a bhaineann le daoine agus na hailiasanna a chur isteach agus foláirimh á gcruthú maidir le seiceálacha discréideacha sa chóras foinseach IS OPATŘENÍ;

2. a áirithiú, i bhfeidhmchláir mhóibíleacha, gur féidir gach catagóir sonraí i CFS a chuardach;

3. barúlacha a bhaineann le daoine, naisc agus an cineál ciona a thaispeáint san fheidhmchlár cuardaigh IS KODOX;

4. athmheasúnú a dhéanamh ar an ngá le rochtain a thabhairt do na póilíní áitiúla ar CFS;

5. athbhreithnithe tréimhsiúla ar na doiciméid a bhaineann le plean slándála, plean leanúnachais gnó agus nósanna imeachta athshlánaithe ó thubaiste a bhunú;

6. a áirithiú go gcuirfear na hoifigigh sa Bhiúró SIRENE faoi oiliúint shonrach i ndáil le CFS;

7. athmheasúnú a dhéanamh ar an ngá le cur le líon na n-údarás dá gceadaítear naisc a chruthú idir foláirimh;

8. fíorú na dtuarascálacha cáilíochta sonraí arna seoladh ag eu-LISA agus faireachán cháilíocht na sonraí a áirithiú;

9. línte malartacha gutháin a chumasú le haghaidh Bhuanseirbhís na Roinne Comhair Oibríochtúil (SPOC, Deasc Thosaigh) lena áirithiú go mbeidh fáil gan bhriseadh ar an tseirbhís ar an nguthán;

10. nós imeachta diúid a chumasú chun foláirimh a chruthú;

11. a áirithiú go ndéanfar foláirimh a chuirtear isteach trí na córais fhoinseacha náisiúnta a chur isteach i CFS trí réamhshocrú, ionas nach ndéanfar an tarchur faoi rogha an úsáideora deiridh;

12. a áirithiú go gcuirfidh an Aireacht Iompair foláirimh isteach i CFS maidir le plátaí ceadúnais a thuairiscítear a bheith bailithe amú;

13. a áirithiú nach ndéanfar ach deimhnithe clárúcháin ó fheithiclí atá bailithe amú a chlárú mar bailithe amú i CFS;

14. a áirithiú nach mbeidh an iontráil foláireamh maidir le feithiclí ag brath ar luach ná ar aois na feithicle;

15. rochtain ar chóras foinseach IS OPATŘENÍ don Bhiúró SIRENE lena áirithiú go mbeidh an t-údarás eisiúna ar eolas ag an mBiúró SIRENE i gcás amas ar fholáirimh Airteagal 36 maidir le daoine agus réada le haghaidh seiceálacha discréideacha;

16. a áirithiú nach mbeidh an tSeirbhís Phóilíneachta le haghaidh Eachtrannach thíos le heaspa ball foirne, ós rud é gurb iad siúd an t-aon údarás atá freagrach as foláirimh um dhiúltú cead isteach a chur isteach;

17. a áirithiú go mbeidh na luachanna náisiúnta go léir sna táblaí cóid réamhshainithe ag teacht le luachanna CFS agus an téacs Béarla, agus go mbeidh an téacs sa ghníomhaíocht atá le glacadh i gcomhair foláirimh Airteagal 24 um dhiúltú cead isteach nó fanachta cruinn agus gonta;

18. feidhmchlár cuardaigh IS DOTAZY a dhéanamh níos so-úsáidte trí chead a thabhairt comhaid PDF a oscailt go díreach seachas iad a bheith íoslódáilte roimhe sin, trína léiriú go cruinn gurb ann do chomhaid NIST mar thaifid méarlorg agus trí phictiúr amháin a thaispeáint, ar a laghad, má tá sé ar fáil, nuair a bheidh an foláireamh ar oscailt;

19. CFS a roghnú mar rogha réamhshocraithe mar bhunachar sonraí a bheidh le seiceáil nuair a dhéantar cuardach trí IS DOTAZY lena áirithiú gur cinneadh comhfhiosach an úsáideora deiridh é CFS a eisiamh ón gcuardach;

20. cineálacha cionta, déanamh na feithicle, grianghraif maidir le daoine agus réada, naisc idir na foláirimh, barúlacha a bhaineann le réada, uimhir dhoiciméad an aitheantais ar baineadh mí-úsáid as (an íospartaigh) agus uimhir ghutháin an Bhiúró SIRENE nuair a bhíonn meaitseáil ann a thaispeáint san fheidhmchlár móibíleach a úsáideann patróil phóilíní;

21. cur ar chumas úsáideoirí deiridh cuardaigh a dhéanamh maidir le plátaí ceadúnais atá gan tír eisiúna san fheidhmchlár móibíleach a úsáideann patróil phóilíní;

22. a áirithiú go mbeidh grianghraif a thaispeántar san fheidhmchlár móibíleach a úsáideann an tSeirbhís Phóilíneachta le haghaidh Eachtrannach fós infheicthe nuair a rothlaítear an gléas móibíleach;

23. a áirithiú nuair a dhéanann úsáideoirí deiridh a mbealach trí roghchlár (siar agus aniar) an fheidhmchláir mhóibíligh a úsáideann an tSeirbhís Phóilíneachta le haghaidh Eachtrannach, nach gá na sonraí a cuireadh isteach roimhe sin a iontráil arís;

24. feidhmchláir mhóibíleacha a uasghrádú chun iarratais neamhbheachta a chumasú, chun cuardaigh ar dhaoine gan dáta breithe a chumasú agus chun gníomhaíocht láithreach a aibhsiú mar is ceart i gcás amas ar fholáirimh Airteagal 36 ar dhaoine agus nithe le haghaidh seiceálacha discréideacha;

25. féachaint leis na próisis maidir le hamais a thuairisciú a uathoibriú ón gcéad líne go dtí an dara líne ag an aerfort;

26. féachaint leis an gcóras uathoibríoch aitheantais uimhirphlátaí a nascadh le CFS;

27. a áirithiú go mbeidh oiliúint agus infhaighteacht ghinearálta faisnéise uasdátaithe agus ábhair oiliúna (amhail na lámhleabhair agus an t-ábhar ar líne atá ann cheana féin) i ndáil le CFS ar fáil d'úsáideoirí deiridh uile;

28. a áirithiú go ndéanfaidh póilíní doiciméad aitheantais nó taistil an duine a sheiceáil go córasach i CFS agus an uimhir á húsáid acu mar pharaiméadar cuardaigh nuair a bhíonn seiceáil ar dhuine á déanamh ag póilíní.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*Thar ceann an Uachtaráin*